



# Tuarascáil agus Cuntais

## AN CHISTE CARBÓIN

### 2012



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS AN CHISTE CARBÓIN DON BHLIAIN DAR CRÍOCH NOLLAIG 2012





Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
National Treasury Management Agency

28 Meitheamh 2013

An tUas. Phil Hogan TD  
Aire Comhshaoil, Pobail  
agus Rialtais Áitiúil,  
Teach an Chustaim,  
Baile Átha Cliath 1

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 a chur faoi do bhráid.

Le dea mhéin

**John C. Corrigan**  
Príomhfheidhmeannach







# CLÁR ÁBHAIR

Creat Dlíthiúil .....	4
An Cúlra le Prótacal Kyoto .....	5
Oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto .....	7
An tAontas Eorpach agus Prótacal Kyoto .....	8
Straitéis na hÉireann um Ghéilliúlacht le Prótacal Kyoto .....	10
Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann in 2011 .....	12
Meicníochtaí Solúbtha .....	13
An Margadh de réir Aonad Solúbtha Meicníochta .....	14
Maoiniú le haghaidh Ceannachán Creidmheasanna Carbóin .....	15
Infheistíochtaí na hÉireann .....	16
Aguisín 1 .....	18
Aguisín 2 .....	19
Gluais na dTearmaí .....	22

# CREAT DLÍTHIÚIL

4

Baineann an tuarascáil seo le ceannachán aonad carbóin le haghaidh géilliúlacht na hÉireann lena tiomantas um laghdú astaíochtaí gáis cheaptha teasa i dtréimhse ghéilliúlachta Phrótacail Kyoto 2008-2012. Chun críocha an Phrótacail, thug Éire faoi theorainn a chur lena meán-astaíochtaí bliantúla gáis cheaptha teasa i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana chuig uasmhéid 13 faoin gcéad níos airde ná leibhéal na n-astaíochtaí i 1990. Is ionann seo agus caidhp de chuid 62.8 Mt CO<sub>2e</sub> in aghaidh na bliana i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana.

Leagadh amach straitéis na hÉireann i ndáil leis an sprioc seo a bhaint amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* arna foilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Soláthair an straitéis le haghaidh ceannachán creidmheasanna carbóin i leith lagduithe astaíochtaí a baineadh amach in áiteanna eile mar chúiteamh ar aon astaíochtaí in Éirinn atá sa bhreis ar a tiomantais Kyoto. Measadh ar dtús go mbeadh sé riachtanach don Rialtas creidmheasanna carbóin a cheannach chun 3.6 milliún tona réamh-mheasta d'astaíochtaí farasbairr maidir le gach bliain den tréimhse 2008-2012 a chlúdach. I ndiaidh an mheatha tapa agus tromchúisí ar dhálaí geilleagracha agus an ráta fáis níos ísle a rabhthas ag súil leis i ngeilleagar na hÉireann le linn na tréimhse seo, tá laghdú suntasach tagtha ar an riachtanas measta chun creidmheasanna a cheannach.

Faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007, bunaíodh Ciste Carbóin i ndáil le ceannachán creidmheasanna carbóin chun forlónadh a dhéanamh ar ghníomh maolaithe intíre. Tarmligeadh bainistíocht an Chiste ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a ceapadh freisin mar an gníomhaire ceannaigh i ndáil le gnóthú na gcreidmheasanna riachtanacha seo. Tagraítear do chreidmheasanna carbóin sa reachtaíocht mar Aonaid Kyoto.

Sonraítear an méid seo a leanas in Alt 6 den Acht um an gCiste Carbóin, 2007: *“A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais de chuid na Gníomhaireachta [Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta], tabharfaidh an Ghníomhaireacht tuarascáil don Aire [Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil] faoina gníomhaíochtaí i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna atá tarmligthe di faoin Acht seo le linn na bliana lena mbaineann agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.”*

Tá an tuarascáil seo ar an séú tuarascáil chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoin Acht, agus clúdaíonn sí an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012.



# AN CÚLRA LE PRÓTACAL KYOTO

I gcomhthéacs na himní méadaithí atá ann maidir leis an tionchar atá ag gníomhaíocht dhaonna ar an gcomhshaol, bhunaigh na Náisiúin Aontaithe an **Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) agus an Eagraíocht Mheiteareolaíoch Dhomhanda (WMO)** i 1988. Dhá bhliain ina dhiaidh sin, dearbhaíodh sa *Chéad Thuarascáil Mheasúnachta* de chuid an IPCC an bunús eolaíoch a bhí leis an imní faoin athrú aeráide. D'fhorbair tuarascálacha ina dhiaidh sin ar a leithéid, agus ba í an chonclúid a bhí leis an *gCeathrú Thuarascáil Mheasúnachta* in 2007 ná go bhfuil téamh an chórais aeráide "aonchiallach".

Tógadh céim mhór chun cinn in aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir leis an aeráid domhanda nuair a thángthas ar chomhaontú ar **Chreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide** ag comhdháil na Náisiúin Aontaithe a reáchtáladh i Rio de Janeiro i 1992. I láthair na huairé tá 192 Páirtí (191 stát agus 1 eagraíocht idirnáisiúnta um chomhtháthú geilleagrach) i bPrótacal Kyoto don UNFCC<sup>1</sup>. De réir an Choinbhinsiúin, bhíodhas ag súil go mbeadh tíortha tionsclaithe ar thús cadhnaíochta maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa<sup>2</sup> a laghdú go leibhéil na bliana 1990. Ní raibh na tiomantais a bhí déanta ag na tíortha tionsclaithe ina gceangal dlí, áfach. Breathnaíodh ar seo mar laige, agus beartaíodh dá réir sin gur cheart prótacal a chur leis an gcoinbhinsiún ina mbeadh tiomantais níos déine a mbeadh ina gceangal dlí chun astaíochtaí a laghdú.

Cuireadh tús le hidirbheartaíochtaí maidir leis an bPrótacal i 1995 agus glacadh leis an bPrótacal a ghabhann leis an **gCreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide** i 1997 ag Comhdháil Aeráide na Náisiúin Aontaithe i Kyoto na Seapáine. Chlúdaigh **Prótacal Kyoto**, mar a thugtar air go coitianta, an tréimhse 2008-2012 go bunúsach. Cé gurb mhór an chéim chun

cinn ba ea Prótacal Kyoto, agus gur dhaingnigh 191<sup>3</sup> tír é, táthar tar éis leanúint le hidirbheartaíochtaí i dtreo conradh níos cuimsithí a fhorbairt. Ag an gComhdháil Aeráide i mBali in 2007, thángthas ar chomhaontú maidir le téarmaí chun dul i mbun idirbheartaíochta ar chonradh breise. Cuireadh dlús leis an méid oibre a bhí á dhéanamh mar ullmhúchán dó seo i rith na bliana 2008, go háirithe ag **Comhdháil na bPáirtithe (COP)** ag an 14 seisiún dá cuid a reáchtáladh in Poznan na Polainne i mí na Nollag 2008 agus trí na **Cainteanna ar an Athrú Aeráide** i Márta agus Meitheamh na bliana 2009, a reáchtáladh i mBonn na Gearmáine.

Cúis díomá ba ea COP Chóbanhávan a reáchtáladh i mí na Nollag 2009 áfach, de bharr nár thángthas ar chomhaontú maidir le conradh cuimsitheach le cur in ionad Phrótacal Kyoto in 2012. An toradh a bhí ar Chóbanhávan ná dearbhú polaitiúil neamhcheangailteach ar theip air comhaontú a bhaint amach, le roinnt tíortha ag easaontú. Rinneadh roinnt dul chun cinn ag an COP16 in Cancun in 2010 agus ag COP17 in Durban na hAfraice Theas in 2011. I gcaitheamh an COP17 seo, comhaontaíodh ar Ardán Durban um Ghníomh Méadaithe inar leagadh amach bealach chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar chomhaontú nua dlíthiúil agus uilíoch um laghdú astaíochtaí. Tá sé seo le glacadh in 2015, agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ó 2020. An príomh-éacht dá chuid ba ea go dtabharfadh toradh na bliana 2015 aghaidh ar iarrachtaí maolaithe na dtíortha uile faoi aon chomhaontú amháin. Lena chois sin, d'aontaigh rialtais, lena n-áirítear 38 dtír thionsclaithe, ar an dara tréimhse tiomantais de Phrótacal Kyoto ó 1 Eanáir, 2013.

Le deireadh druidte leis an gcéad tréimhse tiomantais, leanadh den dul chun cinn ar an gclár idirnáisiúnta iar-2012 ag an COP18 in Doha, Qatar i mí na Nollag

<sup>1</sup> I Márta 2013, ba í an Afganastáin an tír ba dhéanaí a dhaingnigh an Coinbhinsiún

<sup>2</sup> Is í Dé-ocsaíd Charbóin (CO<sub>2</sub>) an gás ceaptha teasa is coitianta agus úsáidtear tona CO<sub>2</sub> mar an aonad coitianta tomhais. Tomhaistear astaíochtaí de gháis ceaptha teasa eile mar choibhéisí na dé-ocsaíde carbóin i dtéarmaí a bPóiténsil Téimh Dhomhanda (GWP) thar thréimhse 100 bliain. De réir sainmhínte, tá GWP de 1 ag CO<sub>2</sub>. Tá liosta thíos de GWPanna na bpríomhchineálacha gáis:

	GWP-100
Dé-ocsaíd charbóin (CO <sub>2</sub> )	1
Meatán (CH <sub>4</sub> )	21
Ocsaíd Nítriúil (N <sub>2</sub> O)	310
Hidreafluoracarbóin (HFCanna)	150 – 11,700
Sárfhuoracarbóin (PFCanna)	6,500 – 9,200
Heicseafluairíd Sulfair (SF <sub>6</sub> )	23,900

<sup>3</sup> Bhí SAM mar dhiólúine thábhachtach de chuid an daingnithe, agus tharraing Ceanada amach ó Phrótacal Kyoto i mí na Nollag 2011



2012. Mar thoradh, glacadh le “Leasú Doha ar Phrótacal Kyoto”. Áirítear sa leasú úd tiomantais nua don dara tréimhse (2013-2020) agus liosta athcheartaithe na nGásanna Ceaptha Teasa le tuairisciú. Thug na páirtithe faoi astaíochtaí GCT a laghdú ar a laghad 18 faoin gcéad faoi bhun leibhéil na bliana 1990 sa tréimhse ocht mbliana ó 2013 go 2020; mar sin féin, tá comhdhéanamh na bPáirtithe sa dara tréimhse tiomantais difriúil ón gcéad tréimhse. Tá an leasú seo faoi réir ghlactha na bPáirtithe le Prótacal Kyoto agus tar éis don Afganastáin teacht isteach mar Pháirtí nua le Prótacal Kyoto, is é 144 líon iomlán na n-ionstraimí glacachta a n-éilítear le haghaidh teacht i bhfeidhm an leasaithe.

Roimh an dul chun cinn a rinneadh ag comhdhálacha Durban agus Doha, bhí ceannaireacht láidir léirithe cheana féin ag an AE sa fhreagra domhanda ar an athrú aeráide trí sprioc maolaithe gás cheaptha teasa 2020 aontaobhach a ghlacadh mar chuid de chiseán beart reachtaíochta, a bhfuil aithne air mar an Pacáiste um Fhuinneamh agus an Aeráid. Mar chuid den phacáiste, a glacadh i mí na Nollag 2008, leagadh spriocanna ceangailteacha ar Éirinn chun astaíochtaí gás cheaptha teasa neamh-ETS<sup>4</sup> a laghdú faoi 20% coibhneasta le leibhéil na bliana 2005 sa tréimhse go 2020.

I mí an Mhárta 2013 d’fhaomh Parlaimint na hEorpa dhá dhlí nua chun feabhas a chur ar rialacha an AE i ndáil le monatóireacht agus tuairisciú na n-astaíochtaí

gáis cheaptha teasa, lena n-áirítear iad siúd ó fhoroiseacht agus ó thalmhaíocht. Bunaítear leis seo rialacha coiteanna chun míniú a thabhairt ar astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa (GCT) agus asbhaintí carbóin ón atmaisféar mar thoradh ar ghníomhaíochtaí i ndáil le talamhúsáid, athruithe talamhúsáide agus foraoiseacht (LULUCF). Tá an cinneadh mar an gcéad chéim i dtreo ionchorprú na n-earnálacha foraoiseachta agus talmhaíochta, na mór-earnálacha deireanacha gan rialacha coiteanna AE i ndáil le GCT, isteach i mbeartas aeráide AE.

Tá an clár oibre dúshlánach um maolú gás cheaptha teasa a thugann Éire aghaidh air sa tréimhse go 2020 agus lastall ríthábhachtach do *Chlár um Fhorbairt Reachtaíochta agus Beartais Náisiúnta um Athrú Aeráide*<sup>5</sup> arna fhógairt ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí Eanáir 2012. Le haird ar an mbéim atá sa chlár ar an trasdul chuig todhchaí ísealcharbóin, táthar ag súil go dtabharfaidh an toradh aghaidh ar an ábhar i ndáil le húsáid a bhaint as creidmheasanna ginte trí mheán meicníochtaí solúbtha Phrótacail Kyoto chun forlíonadh a dhéanamh ar ghníomh maolaithe intíre.

<sup>4</sup> Féach leathanach 7 chun míniú a fháil ar earnálacha ETS agus neamh-ETS.

<sup>5</sup> Féach <http://www.environ.ie/en/Environment/Atmosphere/News/MainBody,29241,en.htm>



# OIBLEAGÁIDÍ FAOI PHRÓTACAL KYOTO

Is í an ghné is suntasaí faoi Phrótacal Kyoto, i gcomparáid leis an gCreat-Choinbhinsiún bunaidh, ná cé gur spreag an Coinbhinsiún laghdú astaíochtaí gáis cheaptha teasa, tá spriocanna éigeantacha ag an bPrótacal chun na hastaíochtaí seo a laghdú i ngeilleagair cheannródaíocha an domhain. Tugtar tíortha larscríbhíne B<sup>6</sup> ar na príomhthíortha tionsclaithe agus ar thíortha an iar-bhloic Shóivéadaigh atá i mbun aistrihe go geilleagar margaidh.

Bíonn na spriocanna sa réimse ó laghduithe 8 faoin gcéad go méaduithe 10 faoin gcéad ar leibhéil astaíochtaí na bliana 1990, agus í mar aidhm astaíochtaí foriomlána a laghdú 5 faoin gcéad faoi bhun leibhéil na bliana 1990. Is í tréimhse ghealltanais na laghduithe seo ná 2008-2012.

## Spriocanna Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Kyoto

Tír	Sprioc do 2008-2012 trí thagairt do leibhéil na bliana 1990
AE-15 <sup>7</sup> , an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Monacó, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Eilvéis	-8%
SA <sup>8</sup>	-7%
Ceanada <sup>9</sup> , an Ungáir, an tSeapáin agus an Pholainn	-6%
An Chróit	-5%
An Nua-Shéalainn, Cónaidhm na Rúise agus an Úcráin	0
An Iorua	+1%
An Astráil	+8%
An Íoslainn	+10%

<sup>6</sup> Is ionann tíortha larscríbhíne B agus na tíortha sin a liostaítear in larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto agus an 39 tír le gealltanais chainníochtaithe do theorannú nó laghdú astaíochtaí. Tá forluí áirithe i gceist, áfach, mar gur sínitheoir é an tAontas Eorpach (AE-15) féin, agus tá an 15 tír a bhí ina mBallstáit AE tráth an ama sin, le hÉire ina measc, liostaithe chomh maith. (Féach Aguisín 1 le haghaidh sonraí breise).

<sup>7</sup> Chinn an AE-15 leas a bhaint as scéim faoi Phrótacal Kyoto ar a tugadh "bolgán", ina mbíonn spriocanna aonair ag tíortha agus comhcheanglaítear iad chun sprioc foriomlán amháin a thabhairt don ghrúpa tíortha sin (Airteagal 4).

<sup>8</sup> Níor dhaingnigh na SA Prótacal Kyoto. Dá bhrí sin, tá an sprioc seo neamhbhailí.

<sup>9</sup> Níl sprioc Cheanada bailí níos mó, toisc gur tharraing sé amach ó Phrótacal Kyoto i mí na Nollag 2011

# AN TAONTAS EORPACH AGUS PRÓTACAL KYOTO

Tá comhaontú inmheánach um chomhroinnt dualgas ag an AE-15 chun a sprioc maidir le laghdú astaíochtaí faoi 8 faoin gcéad a bhaint amach trí spriocanna éagsúla a leithdháileadh ar a Bhallstáit. Is í sprioc na hÉireann ná astaíochtaí nach mó ná 13 faoin gcéad os cionn leibhéil na bliana 1990 a bhaint amach. Is iad seo a leanas na sonraí le haghaidh an AE-15:

8

Tír	Sprioc do 2008-2012 trí thagairt do leibhéal na bliana 1990
An Ostair	-13%
An Bheilg	-7.5%
An Danmhairg	-21%
An Fhionlainn	0%
An Fhrainc	0%
An Ghearmáin	-21%
An Ghréig	25%
Éire	13%
An Iodáil	-6.5%
Lucsamburg	-28%
An Ísiltír	-6%
An Phortaingéil	27%
An Spáinn	15%
An tSualainn	4%
UK	-12.5%
AE-15	-8%

Chinn an AE-15, mar chuid lárnach dá bheartas aeráide, scéim uile-Eorpach “teorannaithe agus trádála astaíochtaí” a chruthú i dteannta a chéile do na mórúidair truaillithe – **Scéim an Aontais Eorpaigh maidir le Trádáil Astaíochtaí (EU ETS)**. Faoin scéim, déantar rialú ar astaíochtaí carbóin de chuid thart ar 11,000 suiteáil ar fud an AE. Glacann breis agus 100 suiteáil Éireannach páirt sa scéim.

## Astaíochtaí an AE

### EARNÁIL TRÁDÁLA Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí

46% d'astaíochtaí  
CO<sub>2</sub> an AE

- Suiteálacha dócháin >20MW ionchur teirmeach
- Iarann agus cruach
- Scaglanna ola
- Stroighin, aol, gloine, ceirmeacht
- Laíon / páipéar
- Aerlínte

### EARNÁIL NEAMHTRÁDÁLA

54% d'astaíochtaí  
CO<sub>2</sub> an AE

- Cónaitheach
- Iompar
- Talmhaíocht
- s.rl.

Is í an scéim seo an scéim trádála astaíochtaí ilnáisiúnta is mó ar domhan. Cuireann sí teorainn le leibhéal na n-astaíochtaí ó shuiteálacha ar leith. Eisítear lamháltais do shuiteálacha – **Lamháltais an Aontais Eorpaigh (EUAanna)** - a tugann ceart dóibh astaíochtaí go dtí an leibhéal sin a astú. Sa mhéid go n-astaíonn suiteálacha níos mó astaíochtaí ná a gcuid lamháltas, caithfidh siad creidmheasanna a cheannach. Féadfaidh siad siúd a astaíonn níos mó lú ná a gcuid lamháltas an farasbarr a dhíol. Don tréimhse 2008–2012, leithdháiltear na lamháltais ar shuiteálacha de réir tíre ag brath ar Phlean Leithdháileacháin Náisiúnta foriomlán gach tíre. Sa tréimhse i ndiaidh 2012, déanfar leithdháileadh na lamháltas de réir earnála thar an EU ETS agus ní bheidh aon phleananna leithdháilte náisiúnta. Áiríodh aerlínte san EU ETS ón 1ú Eanáir 2012.

Gné de Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí ná go gcuirtear líon áirithe (Cúlchiste Iontrálaithe Nua) i leataoibh le leithdháileadh orthu siúd a théann i mbun tionscail clúdaithe ag an EU ETS, ionas nach leagfar míbhuntáiste iomaíoch orthu i gcomparáid leo siúd atá sa scéim cheana féin, a bhfuil aonaid leithdháilte ina leith. A fhairsinge nach mbaintear úsáid as na lamháltais iontrálaithe nua seo, rachaidh siad ar ais chuig an Stát. Ar an mbonn céanna má dhúnann gnóthas, téann a chuid lamháltas ar

ais ar dtús chuig an gCúlchiste Iontrálaithe Nua (NER) agus chuig an Stát ina dhiaidh sin. I bhfianaise an mhoillithe gheilleagraigh in Éirinn ní dhócha go mbainfear úsáid iomlán as na haonaid a gcuirtear i leataoibh do na hiontrálaithe nua agus beidh siad mar fhoinsé breise aonad carbóin ar fáil chun críocha géilliúlachta don Stát<sup>10</sup>. Meastar i láthair na huairé go mbeidh se seo cothrom le thart ar 6 mhilliún tona CO<sub>2</sub> i gcaitheamh na tréimhse cúig bliana Kyoto.<sup>11</sup>

Leis an moilliú i ngeilleagar na hEorpa, tá laghdú tagtha ar astaíochtaí carbóin i measc bhaill an EU ETS. Le linn 2009 bhí sé soiléir go mbeadh farasbarr EUAnna ag an EU ETS sa tréimhse go dtí 2012. Léiríodh é seo sa suirbhé Point Carbon<sup>12</sup> a foilsíodh i Márta 2012 inar luaigh 41% d'fhaighteoirí an tsuirbhé go mbeadh farasbarr EUA ag a gcuideachta sa tréimhse 2008-2012. Tá sé seo i gcodarsnacht le 15% d'fhreagróirí in 2008 a mhothaigh go mbeadh farasbarr acu sa tréimhse ach tá sé comhsheasmhach trí chéile le suirbhé na bliana 2011 fós féin. Mar sin féin, léirigh an suirbhé is déanaí don bhliain 2013 go mbeidh ar sciar mhór de rannpháirtithe (44%) lamhátais a cheannach i gcomhair géilliúlachta um Chéim 3 suas le 2020.<sup>13</sup>

Mar thoradh ar an meathlú sa riachtanas aonaid charbóin a cheannach ag gnólachtaí agus tíortha agus an farasbarr sa mhargadh EU-ETS tá meathlú leanúnach tagtha ar phraghsanna na n-aonad carbóin. Mar sin féin, tá moltaí ón gCoimisiún Eorpach roimh Pharlaimint na hEorpa chun

fuascailt a dhéanamh ar an mbrú anuas ar phraghsanna trí chuid den róluchtú lamhátais a bhaint ón EU ETS.

In Éirinn tá laghdú tagtha ar astaíochtaí san earnáil trádála freisin. Léiríonn sonraí a chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)<sup>14</sup> faoi bhráid Choimisiún an AE gur ionann astaíochtaí fíoraithe gáis cheaptha teasa do na blianta 2008-2011 le haghaidh cuideachtaí in Éirinn clúdaithe ag an EU ETS agus 70.73 Mt CO<sub>2e</sub>, i gcomparáid leis an leithdháileadh iomlán gan ETS sa tréimhse chéanna ar ionann é agus 89.12 Mt CO<sub>2e</sub>. Léiríonn an leibhéal astaíochtaí seo, atá níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, déine an mhoillithe gheilleagraigh. Mar a luadh thuas baineann an farasbarr seo leis na gnólachtaí lenar rinneadh an leithdháileadh saor go bunúsach.

<sup>10</sup> Ba cheart a thabhairt faoi deara gur EUAnna iad na lamhátais sa Cúlchiste Iontrálaithe Nua (NER), a gcruthaítear as lamhátais bhunúsacha AAUanna an Stáit. Le haghaidh a thuilleadh sonraí ar na cineálacha aonad carbóin dean tagairt le do thoil do Ghluais na dTearmaí.

<sup>11</sup> [http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG\\_1990-2011\\_UNFCCC\\_Final.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG_1990-2011_UNFCCC_Final.pdf)

<sup>12</sup> Féach: [http://www.pointcarbon.com/polopoly\\_fs/1.1814671!Carbon%202012\\_FINAL.pdf](http://www.pointcarbon.com/polopoly_fs/1.1814671!Carbon%202012_FINAL.pdf)

<sup>13</sup> Féach [http://www.pointcarbon.com/polopoly\\_fs/1.2236558!Carbon%202013%20-%20At%20a%20tipping%20point.pdf](http://www.pointcarbon.com/polopoly_fs/1.2236558!Carbon%202013%20-%20At%20a%20tipping%20point.pdf)

<sup>14</sup> Féach: [http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG\\_1990-2011\\_UNFCCC\\_Final.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG_1990-2011_UNFCCC_Final.pdf)



# STRAITÉIS NA HÉIREANN UM GHÉILLIÚLACHT LE PRÓTACAL KYOTO

Leagadh amach straitéis na hÉireann chun a sprioc Kyoto um astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú a bhaint amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007–2012*, a foilsíodh in Aibreán 2007.<sup>15</sup>

Is í sprioc na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto ná teorainn a chur le meán-astaíochtaí bliantúla sa tréimhse 2008–2012 go 13 faoin gcéad os cionn an mheastacháin bhonnlíne de 55.60 milliún tona de choibhéis CO<sub>2</sub>.<sup>16</sup> Dá réir sin, is ionann teorainn iomlán astaíochtaí na hÉireann don tréimhse 2008–2012 agus 314.180 milliún tona, nó 62.836 milliún tona ar an meán in aghaidh na bliana. Measadh go mbeadh laghdú de thuairim is 8 milliún tona in aghaidh na bliana ar astaíochtaí mar gheall ar bhearta a glacadh cheana. Mar sin féin, in éagmais beartais agus bearta breise, réamh-mheasadh go sáródh Éire a cuid oibleagáidí Kyoto faoi 8.4 milliún tona astaíochtaí ar an meán gach bliain.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na bearta a mbainfear úsáid astu chun sprioc Kyoto na hÉireann, atá leagtha amach sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007–2012*, a bhaint amach.<sup>17</sup>

<sup>15</sup> Le haghaidh sonraí, féach ar an tuarascáil iomlán arna foilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus atá ar fáil ar líne ag <http://www.environ.ie/en/Environment/Atmosphere/ClimateChange/NationalClimateChangeStrategy>

<sup>16</sup> Ríomhtar meastachán bonnlíne na hÉireann mar shuíom na n-astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin, meatáin agus ocsaíde nítriúla i 1990 mar aon le gáis fhlúairínithe i 1995 [Foinse: Preasráiteas de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, 15 Eanáir 2008].

<sup>17</sup> Foinse: Plean Náisiúnta Leithdháilte na hÉireann maidir le Trádáil Astaíochtaí 2008–2012, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 4 Márta 2008.

Meán Bliantúil,  
2008–2012  
(Milliún Tona de  
choibhéis CO<sub>2</sub>)

<b>Sprioc Kyoto</b>	62.8
Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa Réamh-mheasta i ndiaidh éifeachtaí na mbearta a glacadh cheana.	71.2
<b>Fad go Sprioc Kyoto</b>	8.4

## Bearta breise le Sprioc Kyoto a bhaint amach

(1) Laghdú astaíochtaí ag:	
(a) Rannpháirtithe Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí	0.9
(b) Earnáil neamhthrádála an gheilleagair (lena n-áirítear bearta breise)	1.9
(2) Ceannach lamháltas agus creidmheasanna (nó laghduithe eile) ag:	
(a) Rannpháirtithe Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí	2.0
(b) An Rialtas	3.6
	8.4





Ceapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar ghníomhaire ceannaigh don Stát i ngnóthú na gcreidmheasanna riachtanacha de 3.6 milliún tona d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa ar an meán maidir le gach bliain den tréimhse 2008–2012, a ceannaíodh faoi Mheicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto.<sup>18</sup> Measadh go raibh creidmheasanna de 18 milliún tona san iomlán ag teastáil don tréimhse sin.

Leis an athrú ar imthoisc eacnamaíoch na hÉireann, iarradh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in 2009 anailís íogaireachta a chur i bhfeidhm a d'fhéadfadh léiriú níos fearr a thabhairt ar an staid eacnamaíoch athraithe. Bhain an anailís seo, a foilsíodh i Márta 2009<sup>19</sup>, de thátal as, *“trí an Anailís Suaite Eacnamaíoch a chur i bhfeidhm sa chás le bearta breise, (atá ar an gcás laghdaithe is uailmhianaí), go laghdódh riachtanas ceannaigh an Rialtais (nó an gá atá le bearta agus beartais intíre breise) go 1.3-1.8 Mtona de CO<sub>2e</sub> in aghaidh na bliana le haghaidh gach ceann de na cúig bliana 2008-2012 i gcomparáid leis an 3.6 Mtona in aghaidh na bliana a réamh-mheastar sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide”*. I bhfianaise na meastachán athraitheach ar riachtanas an Rialtais creidmheasanna carbóin a cheannach, beartaíodh i mí Feabhra 2009 deireadh a chur le ceannachán creidmheasanna carbóin go fóill.

In Aibreán 2013, d'fhoilsigh an EPA an nuashonrú is déanaí ar réamh-mheastachán um astaíochtaí gáis cheaptha teasa 2012-2030<sup>20</sup>. Bhain sí de thátal as mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíoch agus ag glacadh le cur chun feidhme iomlán de bheartais an Rialtais i ndáil le hastaíochtaí, *“gur féidir le hÉire cloí lena cuid oibleagáidí Kyoto don chéad tréimhse thiomantais (2008 – 2012)”*. Thug an EPA faoi deara freisin an dóchúlacht go mbeadh riachtanas fóiriseal i ndáil le húsáid na gcreidmheasanna chun géilliúlacht a chinntiú. Baineann creidmheasanna sa chás seo le haonaid charbóin ceannaithe sa phunann náisiúnta.

## Oibleagáidí 2020

Cé go bhfuil Éire ar an mbóthar ceart faoi láthair chun a cuid spriocanna a bhaint amach don tréimhse reatha de chuid Kyoto, gan an riachtanas le haghaidh a thuilleadh ceannachán aonad carbóin, ní féidir an gá féideartha le haonaid charbóin breise a cheannach sa chéim 2013-2020 a dhíbhe.

Mar a luadh níos luaithe (féach leathanach 5), tá feidhm leis an dara sraith, ar shraith difriúil í, de spriocanna atá ina gceangal dlí faoi Phacáiste um Fhuinneamh agus an Aeráid um Choimisiún an AE arna aontú i mí na Nollag 2008. Faoin bpacáiste seo, éilítear ar Éirinn laghdú 20% a sheachadadh i ndáil le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa neamh-ETS faoin mbliain 2020 coibhneasta le leibhéil na bliana 2005. Mar aon leis an laghdú foriomlán in astaíochtaí i gcaitheamh na tréimhse, tá teorainneacha ceangailteacha na hastaíochta bliantúla ag Éire freisin don tréimhse 2013-2020.

Measann an EPA ina foilseachán dar teideal *“Réamh-mheastachán ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa na hÉireann 2010-2020” [Ireland’s Greenhouse Gas Emission Projections 2012-2030]*<sup>21</sup> go sáróidh Éire a teorainn cheangailteach bliantúil in 2015-2016 agus go sárófar a cuid oibleagáidí ar bhonn carnach i gcaitheamh na tréimhse 2013-2020 faoi 7 – 24 Mt CO<sub>2e</sub>. Réamh-mheastar go mbeidh iompar agus talmhaíocht mar na príomh-rannchuiditheoirí sna hearnálacha neamh-ETS. Réamh-mheastar go méadóidh astaíochtaí talmhaíochta ar bhonn bliantúil chomh fada le 2020 i bpáirt mar thoradh ar sciosadh an chuóta bainne agus tionchar Food Harvest 2020. Meastar go méadóidh astaíochtaí Talmhaíochta faoi 12 % agus meastar go méadóidh astaíochtaí lompair faoi 12-20% i gcaitheamh na tréimhse. Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-eisiann na tuartha astaíochtaí aon sochar ó linnte foraoise i gcomhréir le rialacha cuntasáochta AE a éilíonn nach féidir úsáid a bhaint astu le haghaidh géilliúlachta i dtreo spriocanna na bliana 2020<sup>22</sup>.

Tá dul i ngleic le sprioc laghdaithe astaíochta gáis cheaptha teasa na hÉireann sa tréimhse ghéilliúlachta 2013-2020 ar cheann de na cuspóirí de chuid *Clár um Fhorbairt Reachtaíochta agus Beartais Náisiúnta um Athrú Aeráide* an Rialtais, arna fhógairt i mí Eanáir 2012.

<sup>18</sup> Féach larscríbhinn 3 den Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 in Aghuisín 2

<sup>19</sup> Féach: <http://www.epa.ie/news/pr/2009/march/name,25767,en.html>

<sup>20</sup> <http://www.epa.ie/newsandevents/news/name,51811,en.html>

<sup>21</sup> Féach: [http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/EPA\\_GHG\\_Emission\\_Proj\\_pub\\_2013\\_FINAL.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/EPA_GHG_Emission_Proj_pub_2013_FINAL.pdf)

<sup>22</sup> Ionsúnn foraoisí CO<sub>2</sub> agus dá réir sin trí foraoisí a mhéadú laghdaithe an glanmhéid carbóin a astaítear san atmaisféar. Tá go leor díospóireachta déanta áfach i ndáil le ríomh an tseach-chuir á sholáthar ag foraoiseacht.

# ASTAÍOCHTAÍ GÁIS CHEAPTHA TEASA NA HÉIREANN IN 2011

Meastar gur ionann astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GCT) in 2011 agus 57.51 Mt CO<sub>2e</sub>, atá 6.5 % (3.98 Mt CO<sub>2e</sub>) níos ísle ná an leibhéal astaíochtaí in 2010<sup>23</sup>.

Ba iad seo a leanas foinsí na n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa in Éirinn in 2011:

Talmhaíocht	32.0%
Fuinneamh	20.8%
Iompar	19.6%
Tionscal agus Tráchtáil	14.3%
Cónaitheach	11.5%
Dramhail	1.8%

Go bunúsach léiríonn an laghdú in astaíochtaí gáis cheaptha teasa i gcomparáid le 2010 an cúlú leanúnach i ngníomhaíocht gheilleagraic in 2011.

Chonacthas na laghduithe ba mhó sna hearnálacha Cónaitheach agus Fuinnimh, áit inar thit astaíochtaí faoi 15.6% agus 10.6% faoi seach, i gcomparáid le 2010. Thairfead an earnáil Tionscail agus Tráchtála laghdú de chuid 8.7%, le hastaíochtaí san earnáil Dramhaíola ag méadú faoi 9.7% in 2011. Laghdaigh astaíochtaí Talmhaíochta agus Iompair faoi 1.9% agus 2.7% faoi seach.

Tá astaíochtaí iomlána náisiúnta na hÉireann do 2011 i bhfad faoi bhun teorainn na hÉireann faoi Phrótocal Kyoto de chuid 62.84 Mt CO<sub>2e</sub>. Caithfear a choinneáil i gcuimhne, áfach, go bhfanann aon fharasbarr i measc comhaltaí an EU ETS i seilbh na gcomhaltaí sin. Baineann an Ciste Carbóin leis na hearnálacha neamh-ETS agus dá réir sin is ionann an sprioc ábhartha agus an sprioc fhoriomlán lúide an leithdháileadh 22.28 Mt CO<sub>2e</sub> leis an EU ETS<sup>24</sup> (62.84 – 22.28 = 40.56 Mt CO<sub>2e</sub>). B'ionann astaíochtaí neamh-ETS na hÉireann in 2011 agus 41.74 Mt CO<sub>2e</sub>, ag fágáil bearna don sprioc de chuid 1.18 Mt CO<sub>2e</sub><sup>25</sup>.

<sup>23</sup> D'fhoilsigh an EPA na meastacháin Deiridh don bhliain 2011 ar an 15ú Aibreán 2013.

<sup>24</sup> Mar a luadh thuas (leathanach 9) d'fhéadfaí roinnt aonad a thabhairt ar ais don Stát áfach, ón leithdháileadh "Iontrálaithe Nua" san EU ETS.

<sup>25</sup> Féach Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann in 2011 (EPA) ag [http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG\\_1990-2011\\_UNFCCC\\_Final.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/air/airemissions/GHG_1990-2011_UNFCCC_Final.pdf)



# MEICNÍOCHTAÍ SOLÚBTHA

Cuid lárnach de Phrótacal Kyoto iad na Meicníochtaí Solúbtha mar gheall go bhfuil an buntáiste céanna don chomhshaol ag laghdúithe astaíochtaí is cuma cá laghdaítear iad. Dá bhrí sin, féadfaidh tíortha a gcuid spriocanna a bhaint amach trí ranníocaíochtaí a dhéanamh nó íoc as an laghdú ar astaíochtaí carbóin i dtíortha eile. Cuidíonn na meicníochtaí leis an gcostas is ísle chun astaíochtaí a laghdú a shainaithe agus mar sin an sprioc fhoriomlán a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh eacnamaíochta de. Cuireann siad chun cinn aistriú na teicneolaíochta is déanaí chuig tíortha i mbéal forbartha chomh maith.

Is iad seo a leanas na Meicníochtaí Solúbtha:

- (1) an **Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM)**, trínar féidir úsáid a bhaint as creidmheasanna gnóthaithe ó urraíocht a dhéanamh ar thionscadail um laghdú astaíochtaí i dtíortha i mbéal forbartha d'fhonn oibleagáidí Kyoto a n-urraitheoirí a laghdú ina dtír féin. **Laghduithe Astaíochtaí Deimhnithe (CERanna)** iad na creidmheasanna seo;
- (2) an **Mheicníocht um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhphárteach (JI)**, faoina gcuireann tír larscríbhíne B tionscadal i bhfeidhm i dtír eile atá luaite in larscríbhíne B.<sup>26</sup> **Aonaid Laghdaithe Astaíochtaí (ERUanna)** iad na creidmheasanna a thuilltear sa tslí sin; agus
- (3) **Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí** trínar féidir le tíortha creidmheasanna carbóin a fháil ó thíortha eile a bhfuil a n-astaíochtaí faoi sprioc an Phrótacail. Is **Aonad den Mhéid Sannta (AAU)** é an t-aonad intrádála. Is iad **AAUanna** na haonaid a leithdháiltear ar gach Rialtas faoi Phrótacal Kyoto a léiríonn leibhéal iomlán na n-astaíochtaí atá ceadaithe do thír ar leith. Is lamháiltais astaíochtaí iad **Lamháiltais an Aontais Eorpaigh (EUAanna)** a leithdháiltear ar na suiteálacha a ghlacann páirt i Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí agus tá siad mar chuid den leithdháileadh foriomlán AAUanna do gach tír san AE-15.

Is ionann CERanna, ERUanna agus AAUanna agus tona amháin d'astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin agus féadfar iad a thabhairt ar ais i gcomhlíonadh oibleagáidí Phrótacail Kyoto. Tagraítear dóibh seo ar fad mar Aonaid Kyoto chun críocha an Achta um an gCiste Carbóin 2007.

Bhí imní ann gurb í an éifeacht a bheadh ag na Meicníochtaí Solúbtha ná go dtabharfaí cead do thíortha tionsclaíochta "an ceart a bheith i mbun truaillithe a cheannach". Tugadh aghaidh ar an imní seo i gComhaontuithe **Marrakesh** in 2001 a leag amach na rialacha chun Prótacal Kyoto a chur i bhfeidhm. De réir na rialacha seo, ní mór na Meicníochtaí Solúbtha a úsáid chun cur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag gach tír chun a cuid astaíochtaí féin a laghdú. Ní cheadaítear do thíortha, mar sin, úsáid a bhaint as na meicníochtaí ach amháin nuair a mheasann **Coiste Comhlíonta Phrótacal Kyoto** go bhfuil a bpleananna náisiúnta i ndáil le sprioc Kyoto a bhaint amach agus forfheidhmiú na bpleananna sin sásúil.<sup>27</sup>

Léiríodh imní chomh maith faoin gcaoi a bhféadfaí a chinntiú go raibh na tionscadail éagsúla ag laghdú astaíochtaí go fírinneach. Bunaíodh roinnt comhlachtaí NA chun a chinntiú go bhfuil aon aonaid a cruthaíodh faoi na Meicníochtaí Solúbtha ag léiriú astaíochtaí á laghdú go fírinneach agus ag gineadh "breisiúchta", .i. nach mbeadh tabhaithe gan na tionscadail. Mar shampla, bainistíonn **Bord Feidhmiúcháin CDM** an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM). Caithfidh Bord Feidhmiúcháin CDM gach tionscadal, agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun laghdúithe astaíochtaí a leanann de thoradh an tionscadail a ríomh, a fhaomhadh. Déantar monatóireacht ar thionscadail mar a fhorbraíonn siad agus déanann **Bord Feidhmiúcháin CDM** na laghdúithe astaíochtaí deiridh a dheimhniú freisin. Ní féidir aonaid laghdúithe astaíochtaí a úsáid chun críocha riachtanas faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh go dtí go n-eisíonn Bord Feidhmiúcháin CDM deimhnithe ar aonaid laghdúithe astaíochtaí a baineadh amach go fírinneach. Déanann comhlacht comhchosúil, an **Coiste Maoirseachta um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhphárteach (JISC)**, maoirseacht ar aonaid a ghintear faoin meicníocht JI.

<sup>26</sup> Féach Fonóta 6 agus Aguisín 1 le haghaidh sonraí ar thíortha larscríbhíne B.

<sup>27</sup> Féach [http://unfccc.int/kyoto\\_protocol/compliance/items/2875.php](http://unfccc.int/kyoto_protocol/compliance/items/2875.php) le haghaidh a thuilleadh sonraí agus samplaí de rialuithe úrnua.



# AN MARGADH DE RÉIR AONAD SOLÚBHTHA MEICNÍOCHTA

14


As na Meicníochtaí Solúbtha, is é an ceann is mo forbartha ná an margadh CDM áit ina bhfuil 6,783 tionscadal cláraithe amhail 7 Bealtaine 2013<sup>28</sup> (i gcomparáid le 4,240 tionscadal cláraithe amhail Meitheamh 2012). Mar thoradh ar líon na dtionscadal CDM, tá níos mó soiléireachta maidir leis na modheolaíochtaí agus na nósanna imeachta atá le leanúint d'fhonn CERanna a eisiúint. Dhiúltaigh Bord Feidhmiúcháin CMD CERanna a eisiúint nuair nach raibh sé sásta go raibh an plean monatóireachta i gcomhréir leis an mhodheolaíocht faofa.<sup>29</sup>

Méadaíodh líon na CERanna a eisíodh le blianta beaga anuas. Faoi lár na bliana 2009, bhí 288m CER eisithe agus faoi lár na bliana 2011 bhí méadú tagtha air seo go 642 milliún CER. Amhail ag 7 Bealtaine 2013, tá an 6,783 tionscadal faofa CDM tar éis níos mó ná 1.3 milliún CER a ghiniúint. Tá an soláthar méadaithe CERanna seo tagtha ag tráth éilimh laghdaitheach, leis an riachtanas laghdaithe i ndáil le haonaid charbóin a cheannach in Éirinn dá dtagraítear níos luaithe á léiriú freisin i dtíortha freisin, de thoradh an chúilaithe geilleagraigh. Mar thoradh bhí titim ghéar ar chostas na CERanna. Leantar den díospóireacht ar leibhéal idirnáisiúnta i ndáil le baint sealadach ionchais nó “cúl-lódáil” roinnt aonad chun dul i ngleic le ró-sholáthar na lamháltas carbóin sa mhargadh.


Mar a léirítear sna cairteanna seo a leanas, cé go bhfuil scaipeadh réasúnta leathan de thionscadail CDM i measc na dtíortha aíochta, tá na tionscadail níos mó sa tSín den chuid is mó. Is í an tSín an fhoinsé CERanna is mó go dtí seo agus táthar ag súil go bhfanfaidh an scéal mar atá.<sup>30</sup>



CERanna eisithe de réir Tíre Tionscadail<sup>31</sup>



Eisiúint ionchais na CERanna de réir Tíre Tionscadail



<sup>28</sup> Foinsé: <http://cdm.unfccc.int/>

<sup>29</sup> Féach láithreán gréasáin na NA <http://cdm.unfccc.int/Issuance/index.html> le haghaidh a thuilleadh sonraí

<sup>30</sup> Tugann an léarscáil idirghníomhach ar láithreán gréasáin CDM na NA sonraí ar shuíomh agus ar nádúr na dtionscadal CDM. Féach <http://cdm.unfccc.int/Projects/MapApp/index.html>


<sup>31</sup> Foinsé na gCairteanna: UNFCCC - Sonraí amhail ag 7ú Bealtaine 2013



Tá sé speisiúil a thabhairt faoi deara freisin gur í an earnáil Fuinnimh an príomhearnáil do thionscadail chláráithe, gan tionscadal ar bith ag roinnt earnálacha aitheanta cosúil leis an earnáil Iompair agus Dáilte Fuinnimh.

Léargas é seo ar an deacracht a bhaineann le feabhas ar astaíochtaí i roinnt earnálacha a fhíorú. Tá miondealú iomlán ar na tionscadail éagsúla de réir earnála le fáil sa chairt seo a leanas.

### Leithdháileadh gníomhaíochtaí na dtionscadal cláráithe de réir scóipe



Féadfar CERanna a fháil trí infheistiú go díreach i dtionscadail, nó i gcistí a dhéanann infheistiú i dtionscadail, nó trí CERanna a cheannach atá eisithe agus deimhnithe cheana féin ag Bord Feidhmiúcháin CDM. Bíonn riosca ag baint le hinfeistiú a dhéanamh i dtionscadal go luath san fhorbairt ó tharla go mb'fhéidir nach gceadófaí an tionscadal nó go bhféadfadh an líon aonad deimhnithe a ghintear ón tionscadal a bheith níos lú ná mar a raibh súil leis. D'fhonn na rioscaí sin a laghdú, tá infheistiú déanta ag Éire i dtrí chiste a úsáideann saineolas an Bhainc Dhomhanda agus an Bhainc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD) le hinfeistiú i roinnt tionscadal.

## MAOINIÚ LE HAGHAIDH CEANNACHÁN CREIDMHEASANNA CARBÓIN

Soláthraíonn an Lárchiste maoiniú don Chiste Carbóin do cheannachán creidmheasanna carbóin. Déanfar soláthar i Vóta Bliantúil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil aisiocaíochta a dhéanamh leis an Lárchiste.

Sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013* chuir an Rialtas €270 milliún i leataobh do cheannachán creidmheasanna carbóin i rith tréimhe thiomantais Kyoto 2008–2012. Áirítear é seo sa bhreis ar infheistiúch tosaigh de chuid €20 milliún in 2006.

# INFHEISTÍOCHTAÍ NA HÉIREANN

16

Tá infheistíochtaí déanta ag an Rialtas i dtrí chiste iltaobhach a dhéanann infheistíochta i dtionscadail d'fhonn laghdúithe um astaíochtaí carbóin a bhaint amach. Rinneadh an chéad infheistíocht de €20 milliún i mí na Nollag 2006<sup>32</sup> sa **Chiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin (MCCF)**<sup>33</sup> de chuid an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD). Rinneadh dhá thiomantas breise de chuid €10 milliún agus \$12.88 milliún le **Ciste Carbóin an Bhainc Dhomhanda don Eoraip** agus **Ciste Bithcharbóin an Bhainc Dhomhanda** faoi seach i mí Eanáir 2007. Ar aon dul lena cinneadh an clár um cheannachán carbóin a chur ar fionraí i mí Feabhra 2009, tá idirbheartaíocht déanta ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar laghdú sa thiomantas chuig dá chiste an Bhainc Dhomhanda; laghdú ó €10m go €5.26m i gcás an Chiste Carbóin don Eoraip agus laghdú ó \$12.88m go \$10.08m i gcás an Chiste Bithcharbóin.

Bhunaigh an EBRD, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), an Ciste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin (MCCF) i mí na Bealtaine 2006. Is é atá mar aidhm leis an gciste ná *“tionscadail fíor-riachtanacha um choigilt fuinnimh a chur chun cinn sna tíortha feidhme EBRD agus ag an am céanna cabhrú leis na tíortha sin agus le cuideachtaí corparáideacha ag ceannach creidmheasanna carbóin d'fhonn freastal ar a gcuid spriocanna laghdúithe astaíochtaí”*.<sup>34</sup> Tá tionscadail lonnaithe i suas le 30 tír EBRD i Lár agus in Oirthear na hEorpa agus i gComhlathas na Stát Neamhspleách.<sup>35</sup> Táthar tar éis an €20 milliún iomlán a bhí geallta a íoc leis an EBRD. Úsáideann an ciste meicníochtaí solúbtha JI agus CDM araon a bunaíodh faoi Phrótaicail Kyoto.

Tá an **Ciste Carbóin don Eoraip** á bhainistiú i gcomhpháirt ag an mBanc Dhomhanda agus ag an BEI, agus seoladh an ciste seo i Márta 2007. Faigheann an ciste seo, atá dírithe ar infheistíochtaí a fháil ó Bhallstáit an AE, creidmheasanna laghdaithe gáis cheaptha teasa

thar ceann na rannpháirtithe ag úsáid saineolas agus taithí an Bhainc Dhomhanda agus píblíne mhór tionscadail an BEI i dtíortha i mbéal forbartha. Is iad na cúig rannpháirtithe sa chiste ná Éire, Lucsamburg, an Phortaingéil, Réigiún Pléimeannach na Beilge agus Statkraft Carbon Invest AS (An Iorua). As an €5.26 milliún a gealladh leis an gCiste seo, táthar tar éis €4.1 milliún a íoc sa tréimhse ó thráth a sheolta go 31 nollaig 2012.

Is ciste de chuid an Bhainc Dhomhanda é an **Ciste Bithcharbóin** a bhfuil sé mar aidhm leis laghdúithe astaíochtaí a bhaint amach agus ag an am céanna bithéagsúlacht, caomhnú agus maolú bochtaineachta a chur chun cinn. Seo a leanas aidhmeanna an Chiste:

- acmhainní a sholáthar do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo
  - laghdúithe astaíochta a ghiniúint, agus
  - léargas a thabhairt ar an tslí a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí talamhúsáide agus foraoiseachta buntáistí breise a chruthú ar féidir a thomhas, a mhonatóiriú agus a dheimhniú, agus cur le forbairt inbhuanaithe na dtíortha a íochta;
- iarracht a dhéanamh roinnt chothrom a chinntiú idir na rannpháirtithe agus na tíortha a íochta d'aon bhuntáistí, lena n-áirítear aon laghdúithe ar astaíochtaí, a eascraíonn ó na tionscadail; agus
- an t-eolas a bhailítear i rith fhorbairt an Chiste agus forfheidhmiú na dtionscadal a scaipeadh.

Tá Éire tiomanta US \$10.08 milliún (€70.43m) a infheistiú sa dara tráinse den Chiste Bithcharbóin a thosaigh i mbun feidhme i Márta 2007. Tá tionscadail sa phunann reatha i dtíortha ar nós an Bhrasaíl, an tSile, an tSín, an India, an Mholdóiv, an Congó agus an Chéinia<sup>36</sup>. As an €7.43 milliún tiomnaithe don Chiste seo, táthar tar eis €5.6 milliún a íoc suas le 31 Nollaig 2012.

<sup>32</sup> Tharla sé seo sular bunaíodh Ciste Carbóin na Héireann de bhua an Achta um an gCiste Carbóin 2007. Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil atá freagrach as an infheistíocht a riaradh.

<sup>33</sup> Tá an Banc Eorpach Infheistíochta i gcomhpháirtíocht leis an EBRD chun an MCCF a bhainistiú; is leis an EBRD amháin atá comhaontú na Héireann.

<sup>34</sup> Ráiteas de chuid Uachtaráin EBRD Jean Lemierre ag seoladh an Chiste, 22 Bealtaine 2006.

<sup>35</sup> Is é Comhlathas na Stát Neamhspleách an eagraíocht idirnáisiúnta ina chuimsítear aon iarrphoblacht déag na Sóivéide: an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Chasacstáin, an Chirgeastáin, an Mholdóiv, an Rúis, an Táidsiceastáin, an Úcráin agus an Úisbéiceastáin.

<sup>36</sup> Le haghaidh a thuilleadh sonraí féach <http://wbcarbonfinance.org/Router.cfm?Page=BioCF&FID=9708&ItemID=9708&ft=ProjectsT2>

Tá na hinfheistíochtaí sna trí chistí iltaobhacha tar éis 2,351,360 creidmheas carbóin a ghiniúint go deireadh 2012.

In 2008, thosaigh GBCN ar aonaid charbóin a cheannach. Cinneadh CERanna a cheannach de bhrí gurbh é an margadh is forbartha agus is trédhearcaí a bhain leis na haonaid seo. Leagadh amach ceannacháin de chuid 4.355 milliún aonad carbóin in 2008 i dTuarascáil an Chiste Carbóin 2008. Go luath in 2009 ceannaíodh 0.9 milliún aonad carbóin breise. I bhfianaise na moille i ngeilleagar na hÉireann agus an meastachán athbhreithnithe a rinneadh ar riachtanas na hÉireann creidmheasanna carbóin a cheannach, cinneadh ceannach creidmheasanna a chur ar athló go fóill. Dá bhrí sin, níor ceannaíodh aon chreidmheas carbóin ó thús mhí Feabhra 2009. Tríd is tríd, bhí 21 trádáil ann ina ndeachaidh Éire i mbun conartha chun 5.255 milliún CER a cheannach ag meánphraghas €14.03 (gan CBL san áireamh).

Mar thoradh ar chinneadh de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí Feabhra 2009, tá an clár um cheannachán carbóin fós ar fionraí. Cé nach bhfuil a thuilleadh trádála déanta ag GBCN, tá cúnamh tugtha ag an nGníomhaireacht don Roinn i ndáil leis na íocaíochtaí gan íoc ar infheistíochtaí an Stáit i gcistí iltaobhacha an Bhainc Dhomhanda a phróiseáil. Tá na híocaíochtaí gan íoc á bpróiseáil tríd an gCiste Carbóin.

Tá bainistíocht na punainne um charbón ceannaithe ina hábhar cúraim don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá a fhairsinge lena mbeidh na haonaid gnóthaithe trí mheán infheistíochta ag an Stát sna cistí iltaobhacha agus aonaid ceannaithe ag GBCN ag teastáil le haghaidh géilliúlachta sa chéad tréimhse thiomantais faoi Phrótacal Kyoto (2008-2012) le cur i gcrích go fóill. Níltear ag súil go gcomhlíonfar é seo go dtí 2015, tar éis deireadh foirmiúil le próiseas cuntasáochta na tréimhse tiomantais don Phrótacal.

Bunaithe ar shonraí réamh-mheastachán agus fardail gáis cheaptha teasa arna foilsíú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go dtí seo, tá sé dóchúil gur beag aonad sa phunann, más ann in aon chor dóibh, a bheidh riachtanach chun críocha géilliúlachta sa tréimhse thiomantais 2008-2012. Sa chás sin, beidh sé mar thosaíocht don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil uasmhéadú a dhéanamh ar a gcuid úsáide le haghaidh géilliúlachta sa tréimhse iar-2012.



# AGUISÍN 1

## Tíortha Iarscríbhíne B de chuid Phrótacal Kyoto

Páirtí	Tiomantas i leith laghdú astaíochtaí nó teorannú astaíochtaí cainníochtaithe, arna léiriú mar chéatadán astaíochtaí sa bhonnbhliain 1990
An Astráil	108
An Ostair <sup>+</sup>	92
An Bheilg <sup>+</sup>	92
An Bhulgáir <sup>*</sup>	92
Ceanada (níl bainteach)	94
An Chróit <sup>*</sup>	95
Poblacht na Seice <sup>*</sup>	92
An Danmhairg <sup>+</sup>	92
An Eastóin <sup>*</sup>	92
An tAontas Eorpach (AE-15)	92
An Fhionlainn <sup>+</sup>	92
An Fhrainc <sup>+</sup>	92
An Ghearmáin <sup>+</sup>	92
An Ghréig <sup>+</sup>	92
An Ungáir <sup>*</sup>	94
An Íoslainn	110
Éire <sup>+</sup>	92
An Iodáil <sup>+</sup>	92
An tSeapáin	94
An Laitvia <sup>*</sup>	92
Lichtinstéin	92
An Liotuáin <sup>*</sup>	92
Lucsamburg <sup>+</sup>	92
Monacó	92
An Ísiltír <sup>+</sup>	92
An Nua-Shéalainn	100
An Iorua	101
An Pholainn <sup>*</sup>	94
An Phortaingéil <sup>+</sup>	92
An Rómáin <sup>*</sup>	92
Cónaidhm na Rúise <sup>*</sup>	100
An tSlóvaic <sup>*</sup>	92
An tSlóivéin <sup>*</sup>	92
An Spáinn <sup>+</sup>	92
An tSualainn <sup>+</sup>	92
An Eilvéis	92
An Úcráin <sup>*</sup>	100
An Ríocht Aontaithe <sup>+</sup>	92
Stáit Aontaithe Mheiriceá (neamhbhainteach)	93

<sup>\*</sup> Tíortha, a bhí san iar-bhloc Sóivéadach tráth, agus i mbun an aistrihe chuig geilleagar margaidh.

<sup>+</sup> Féach leathanach 6 le haghaidh sonraí um an comhaontú comhroinnte dualgas ag tíortha an AE-15.



# AGUISÍN 2

Iarscríbhinn 3 den *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012*: Arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (Aibreán 2007)

## Iarscríbhinn 3 – Beartas náisiúnta do cheannachán Aonad Kyoto ag an Stát

### CREAT BEARTAIS NÁISIÚNTA DO CHEANNACHÁN AONAD KYOTO AG AN STÁT CHUN CRÍCHE GÉILLIÚLACHTA LE PRÓTACAL KYOTO SA TRÉIMHSE THIOMANTAIS 2008-2012

#### Réamhrá

Leagann an cháipéis seo amach na socruithe institiúide agus an comhthéacs beartais ina gceannóidh Éire go leor Aonad Kyoto<sup>37</sup> le cur ar a cumas a sprioc teorannaithe um astaíochtaí gáis cheaptha teasa a chomhlíonadh chun críocha Phrótacal Kyoto sa tréimhse thiomantais 2008-2012.

#### Cúlra

Chun críche Phrótacal Kyoto, tá Éire tiomanta do mheánleibhéal astaíochtaí bliantúla gáis cheaptha teasa a theorannú sa tréimhse 2008-2012 go dtí 13% os cionn leibhéil na bliana 1990.

Féadfaidh rannpháirtithe i bPrótacal Kyoto a gcuid spriocanna féin a chomhlíonadh trí ghníomhaíochtaí intíre agus úsáid a bhaint as na Meicníochtaí Solúbtha mar atá sonraithe sa Phrótacal. Éilítear de réir an Phrótacail seo go mbeadh na Meicníochtaí Solúbtha in úsáid sa bhreis ar ghníomhaíochtaí intíre.

Tá creat beartais náisiúnta le dul i ngleic le laghdúithe ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012* lena chinntiú go gcomhlíonann Éire a sprioc de réir Phrótacal Kyoto.

Chinn an Rialtas go mbainfidh sé úsáid as Meicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto chun suas le 3.607 milliún Aonad Kyoto a cheannach do gach bliain idir 2008-2012. Déanfar athbhreithniú ar an riachtanas seo bunaithe ar réamh-mheastacháin a dhéanfar amach anseo agus ar thionchar aon bhearta breise a mbeidh sé mar aidhm leo astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú.

## Meicníochtaí Solúbtha Phrótacal Kyoto

### Cur Chun Feidhme ar bhonn Comhpháirteach (JI):

dá bhforáiltear faoi Airteagal 6 den Phrótacal, ag cur ar chumas Páirtithe a bhfuil tiomantais laghdaithe acu nó infheisteoirí príobháideacha tionscadail a chur i bhfeidhm a laghdaíonn astaíochtaí i bPáirtithe eile le tiomantais laghdaithe acu, mar mhalairt ar chreidmheasanna. Féadfaidh an Páirtí infheistíochta nó aonán príobháideach na creidmheasanna a chruthaítear trí úsáid a bhaint as an mheicníocht JI a úsáid (go háirithe mar chuid de Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí) chun críocha géilliúlachta. Is Aonad Laghdúithe Astaíochtaí (ERU) é an t-aonad intrádála faoin meicníocht JI.

### Meicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM):

dá bhforáiltear faoi Airteagal 12 den Phrótacal, ag cur ar chumas Páirtithe a bhfuil spriocanna acu páirt a ghlacadh i dtionscadail chun astaíochtaí a laghdú nó cur le ceapadh i measc na bPáirtithe sin nach bhfuil spriocanna ar bith acu faoin bPrótacal. Tá an mheicníocht dírithe go príomha ar thíortha i mbéal forbartha agus tá sé i gceist léi cabhrú leo forbairt inbhuanaithe a bhaint amach trí, mar shampla, rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí níos glaine nó níos tiosaí ar fhuinneamh. Féadfaidh an Páirtí infheistíochta nó an t-aonán príobháideach úsáid a bhaint as na creidmheasanna a chruthaítear trí úsáid a bhaint as meicníocht CDM chun críocha géilliúlachta. Is Laghdú Astaíochtaí Deimhnithe (CER) é an t-aonad intrádála faoin meicníocht CDM.

### Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí:

dá bhforáiltear faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto,<sup>38</sup> ag cur ar chumas Páirtithe a bhfuil sprioc teorannaithe nó laghdaithe astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoin bPrótacal chun Aonaid Kyoto a fháil ó na Páirtithe sin a bhfuil a gcuid astaíochtaí laghdaithe acu sa bhreis ar an sprioc dá gcuid sonraithe faoin bPrótacal. Is Aonad den Mhéid Sannta (AAU) é an t-aonad intrádála faoi thrádáil astaíochtaí.

<sup>37</sup> Creidmheas nó ceadúnas, arb ionann é agus tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin, eisithe de bhua Phrótacal Kyoto agus cinntí glactha de bhua Chreat-Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus an Phrótacail. Is ionann creidmheas agus tona amháin de dhé-ocsaíd charbóin a bhfuiltear tar éis fáil réidh leis cheana féin. Is ionann ceadúnas agus an ceart chun an tona coibhéseach de dhé-ocsaíd charbóin a astú am éigin amach anseo.

<sup>38</sup> Tá trádáil astaíochtaí faoi Airteagal 17 de Phrótacal Kyoto leithleach ó Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí. Féadfaidh oibreoirí i Scéim an AE, áfach, úsáid a bhaint as creidmheasanna ó na meicníochtaí JI nó CDM um ghéilliúlacht lena gcuid oibleagáidí suas le céatadán dá leithdháileadh, atá le sonrú sa Phlean Leithdháilte Náisiúnta don Bhallstát ábhartha.

Pointe Fócais Náisiúnta le haghaidh JI agus Údarás Náisiúnta le haghaidh CDM

Tá dualgas ar Pháirtithe faoi Phrótaicál Kyoto Pointe Fócais agus Údarás Náisiúnta a ainmniú chun críche meicníochtaí JI agus CDM faoi seach. Faoi Rialacháin (um Shásraí Solúbtha) Phrótaicál Kyoto 2006 (I.R. 244 de 2006), tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ainmnithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil mar Phointe Fócais agus Údarás Náisiúnta in Éirinn. Is é an ról a bheidh ag an nGníomhaireacht ná rannpháirtíocht na n-aonán príobháideach nó poiblí i ngníomhaíochtaí tionscadail JI nó CDM a fhaomhadh. Foilseoidh an Gníomhaireacht treoirleinte ina sonrú a chuid nósanna imeachta faoia le haghaidh rannpháirtíochta ag aonáin Éireannacha i dtionscadail JI agus CDM. Beidh cinntí a dhéanfaidh an Gníomhaireacht maidir le tograí aonair chun páirt a ghlacadh i dtionscadail JI nó CDM críochnaitheach. Ní mór faomhadh a lorg do thionscadail sa tír aíohta beartaithe freisin.

### Bunú clárlainne faoi Phrótaicál Kyoto

De réir cinntí ar ghlac Páirtithe Phrótaicál Kyoto leo, déantar foráil i Rialacháin 2006 (I.R. 244 de 2006) i ndáil le bunú clárlainne náisiúnta agus ainmniú na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil mar riarthóir na clárlainne náisiúnta. Is í an fheidhm atá leis an gclárlann náisiúnta ná a chinntiú go bhfuil cuntasáíocht bheacht á déanamh ar eisiúint, sealbhaíocht, aistriú, fáil, cealú agus scor na nAonad Kyoto.

### Gníomhaire Náisiúnta Ceannaigh

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta gníomhaire ceannaigh ainmnithe an Stáit agus beidh an Gníomhaireacht freagrach as ceannacháin na nAonad Kyoto a riar agus a bhainistiú thar ceann an Rialtais. Táthar tar éis Ciste Carbóin saincheaptha a bhunú chuige seo.

Bunaítear ról na Gníomhaireachta mar ghníomhaire ceannaigh ar bhonn reachtúil faoi Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Foráiltear san Acht go mbeidh an gníomhaire ceannaigh freagrach as na feidhmeanna ar fad a bhaineann le bainistiú an Chiste Carbóin a chur i

gcrích, lena n-áirítear cuntasáíocht chuí ar chaiteachas ag féachaint do nósanna imeachta airgeadais phoiblí, faoi réir treoirleinte agus/nó treoir ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

### Maoiniú um cheannach Aonad Kyoto

Soláthrófar maoiniú um cheannach Aonad Kyoto ón Lárchiste don Chiste Carbóin, a bunaíodh faoi Acht 2007 freisin. Le linn an phróisis mheastacháin bhliantúil, déanfar foráil i Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an Lárchiste.

Tá €270 milliún geallta ag an Rialtas le hinfheistiú sna Meicníochtaí Solúbtha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013. Tá sé seo sa bhreis ar infheistiú bhunúsach de chuid €20m in 2006.

Creat um cheannachán Aonad Kyoto

Ceannóidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Aonaid Kyoto thar ceann an Stáit. Déanfar ceannacháin uile i gcomhréir leis na cuspóirí seo a leanas:

- go gcuireann siad le cuspóir deiridh Chreat-Choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, .i. cobhsú comhchruinnithe gáis cheaptha teasa san atmaisféar ag leibhéal a chuirfeadh cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach sa chóras aeráide;
- go bhfuil riosca á mhaolú, go háirithe i ndáil le seachadadh tráthúil creidmheasanna; agus
- go léiríonn siad luach maith ar airgead.

Féadfaidh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- ceannachán díreach Aonad Kyoto ó Pháirtithe larscríbhíne B eile de Phrótaicál Kyoto;
- infheistiú dhíreach i ngníomhaíochtaí tionscadail um chur chun feidhme ar bhonn comhpháirteach agus um meicníocht glanfhorbraíochta;
- infheistiú i gcistí bainistithe; agus
- ceannacháin margaidh díreach um Aonaid Kyoto;

nó meascán de chuid acu seo nó iad uile, faoi réir a chinntiú go bhfuil na nithe seo a leanas i gcomhréir le cinní arna nglacadh ag Páirtithe de Phrótacal Kyoto:

- go bhféadfar aon fharasbarr d'Aonaid Kyoto atá fágtha ag an Stát ag deireadh na tréimhse tiomantais 2008-2012 a chur sa bhanc agus a úsáid i dtréimhse thiomantais iartheachtach de Phrótacal Kyoto nó aon chonradh a chuirtear i bhfeidhm ina dhiaidh sin; agus
- nach n-úsáideann Éire aonaid laghdaithe astaíochtaí nó laghduithe astaíochta deimhniú ginte ó áiseanna núicléacha, d'fhonn a cuid tiomantas Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh.

Féadfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ag féachaint do na cuspóirí thuasluaite, páirt a ghlacadh i gcomhaontuithe déthaobhacha ar mhaithe le hAonaid Kyoto a ghnóthú de bhun Airteagal 17 den Phrótacal. Féadfaidh an tAire treoir a thabhairt do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun Aonaid Kyoto a d'fhéadfadh a bheith ar fáil de bhun a leithéid sin de chomhaontuithe a cheannach.

Faoi réir treorach eile a fháil ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, féadfaidh an Ghníomhaireacht Aonaid Kyoto a dhíol má tá a leithéid riachtanach d'fhonn comhlíonadh na gcinní ar glacadh leo de bhun Phrótacal Kyoto chun cuntas a thabhairt ar mhéideanna sannta faoi Airteagal 7, mír 4 den Phrótacal a chinntiú.

Clárófar gach Aonad Kyoto a cheannóidh Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta sa chlárlann náisiúnta a bheidh á bainistiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Coinneoidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuntas ar na hAonaid Kyoto a chuirtear sa chlárlann náisiúnta d'fhonn a

chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh gealltanais na hÉireann chun críocha Phrótacal Kyoto.

Is ionann an creat beartais seo agus treoir tosaigh ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

### Aibreán 2007





# GLUAIS NA DTÉARMAÍ

22

<b>AAUanna</b>	féach Aonaid den Mhéid Sannta.
<b>Breisíocht</b>	Coincheap tábhachtach faoi Phrótacal Kyoto. Is ó thionscadail JI agus CDM amháin a eiseofar aonaid dheimhnithe sa chás gurb ionann laghduithe astaíochtaí agus “laghduithe sa bhreis ar a bheadh i gceist sa ghnáthchúrsa”.
<b>Tíortha larscríbhíne B</b>	Tíortha luaite in larscríbhinn B de Phrótacal Kyoto. Tá tiomantais laghdaithe nó teorannaithe astaíochta cainníochtaithe ag tíortha larscríbhíne B (féach Aguisín 1).
<b>Aonaid den Mhéid Sannta (AAUanna)</b>	Is iad seo na haonaid a leithdháiltear ar gach tír in larscríbhinn B, arb ionann iad agus an leibhéal iomlán astaíochtaí a cheadaítear do thír faoi Phrótacal Kyoto.
<b>Comhaontú Comhroinnte Dualgas</b>	Comhaontú an AE-15 chun a gcuid oibleagáidí faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh i dteannta a chéile trí úsáid a bhaint as an “mbolgán” a cheadaítear in Airteagal 4 den Phrótacal. Faoi théarmaí an chomhaontaithe comhroinnte dualgas, tá sprioc shonrach le haghaidh astaíochtaí carbóin ag gach Ballstát.
<b>Bolgán</b>	Comhscéim do thíortha atá ceadaithe faoi Phrótacal Kyoto. Féach an Comhaontú Comhroinnte Dualgas.
<b>CDM</b>	Féach Meicníocht Ghlanfhorbraíochta.
<b>Bord Feidhmiúcháin CDM (CDM EB)</b>	Cláraíonn CDM EB gníomhaíochtaí tionscadail bailíochtaithe cosúil le tionscadail CDM, eisíonn sé Laghduithe Astaíochta Deimhnithe chuig rannpháirtithe ábhartha tionscadail agus bainistíonn sé sraith painéal teicniúil agus cruinnithe grúpaí oibre. Tuairiscíonn sé do Chomhdháil na bPáirtithe faoi Phrótacal Kyoto.
<b>CERanna</b>	Féach Laghduithe Astaíochta Deimhnithe.
<b>Laghduithe Astaíochta Deimhnithe (CERanna)</b>	Creidmheasanna carbóin a táirgtear tríd an Meicníocht Ghlanfhorbraíochta.
<b>Meicníocht Ghlanfhorbraíochta (CDM)</b>	Ceann de na Meicníochtaí Solúbtha atá ceadaithe faoi Phrótacal Kyoto. Cruthaíonn an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta creidmheasanna carbóin trí urrú a dhéanamh ar thionscadail laghdaithe gáis cheaptha teasa i dtíortha i mbéal forbartha.
<b>Coibhéisí CO<sub>2</sub> (CO<sub>2e</sub>)</b>	Sa chás go dtagraítear do gháis eile seachas CO <sub>2</sub> , ar mhaithe le comparáid a dhéanamh déantar iad a thiontú ina gcoibhéisí i bPoitéinseal Téamh Domhanda (GWP) le CO <sub>2</sub> .
<b>Comhdháil na bPáirtithe (COP)</b>	Is ardchomhlacht de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) í an COP a thagann le chéile gach bliain. Ba iad Comhaontuithe Marrakesh a bhí mar thoradh le COP7. Reáchtáladh an chomhdháil is déanaí, .i. COP18 in Doha, Qatar, i mí na Nollag 2012.
<b>COP</b>	Féach Comhdháil na bPáirtithe.
<b>Aonaid Laghdaithe Astaíochta (ERUanna)</b>	Creidmheasanna carbóin táirgte tríd an Meicníocht um Chur chun Feidhme ar Bhonn Comhphárteach.
<b>Aonaid Astaíochtaí</b>	Is ionann na haonaid astaíochtaí ar fad faoi Phrótacal Kyoto agus tona amháin de Dhé-ocsaíd Charbóin astaithe.
<b>Trádáil astaíochtaí</b>	I gcomhthéacs Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí nó Meicníochtaí Solúbtha de chuid Prótacail Kyoto, tagraíonn sé seo do dhíolachán agus do cheannachán lamháltas chun líon sonrach gáis cheaptha teasa a astú nó creidmheasanna arb ionann iad agus líon gáis cheaptha teasa atá astaithe cheana féin.
<b>ERU</b>	Féach Aonaid Laghdaithe Astaíochta.



<b>Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí</b>	Scéim "Teorannaithe agus Trádála" laistigh den AE-15 le haghaidh na mórúidair truailithe.
<b>EU ETS</b>	Féach Scéim an AE maidir le Trádáil Astaíochtaí.
<b>EUAanna</b>	Féach Lamháltais an Aontais Eorpaigh.
<b>Lamháltais an Aontais Eorpaigh (EUAanna)</b>	Leithdháiltear creidmheasanna ar chuideachtaí san EU ETS. Tagann na creidmheasanna seo ó AAUanna de chuid tír ar leith.
<b>Meicníochtaí Solúbtha</b>	Na Meicníochtaí Solúbtha dá bhforáiltear faoi Phrótacal Kyoto, .i. Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí, Cur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach agus an Mheicníocht Ghlanfhorbraíochta.
<b>Poitéinseal Téamh Domhanda (GWP)</b>	D'fhonn na gáis cheaptha teasa éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile, déantar astaíochtaí a ríomh thar gnáth-thréimhse ama ar mhaithe le tomhas maidir lena n-éifeacht choibhneasta teasa san atmaisféar a thabhairt. Go ginearálta úsáidtear tréimhse ama 100 bliain. Is é CO <sub>2</sub> an bunaonad. Féach Fonóta 2, leathanach 4.
<b>An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)</b>	Is comhlacht idir-rialtasach eolaíoch é an IPCC a bhunaigh an Eagraíocht Mheiteareolaíoch Dhomhanda (WMO) agus Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP). Is é an fhoinse údarásach eolaíoch maidir le trasnaíocht dhaonna leis an gcóras aeráide domhanda. Láithreán Gréasáin: <a href="http://www.ipcc.ch">www.ipcc.ch</a>
<b>Loga na nIdirbheart Idirnáisiúnta (ITL)</b>	Is é ITL an bunachar sonraí lárnach le haghaidh gach creidmheas intrádála faoi Phrótacal Kyoto agus bailíochtaíonn sé na hidirbhearta idirnáisiúnta ar fad agus a gcomhlíonadh le rialacha agus le beartais Kyoto.
<b>IPCC</b>	Féach Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide.
<b>JI</b>	Féach Cur Chun Feidhme ar bhonn Comhpháirteach.
<b>JISC</b>	Féach Coiste Maoirseachta um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach.
<b>Cur chun feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JI)</b>	Meicníocht sholúbtha le haghaidh aistriú na lamháltas astaíochtaí ó thír larscríbhíne B amháin go tír larscríbhíne B eile. Cruthaíonn JI creidmheasanna bunaithe ar thionscadail laghdaithe astaíochtaí a mbíonn laghdúithe cainníochtaithe astaíochtaí mar thoradh orthu.
<b>Comhchoiste Maoirseachta um Chur Chun Feidhme ar Bhonn Comhpháirteach (JISC)</b>	Déanann an comhlacht seo maoirseacht ar fhíorú na ERUanna arna gcruthú ag tionscadail JI.
<b>Prótacal Kyoto</b>	An Prótacal leis an gCreat-Choinbhinsiún ar an Athrú Aeráide a comhaontaíodh i Kyoto, sa tSeapáin i mí na Nollag 1997 agus a tháinig i bhfeidhm ar 16 Feabhra 2005. Sonraítear ann oibleagáidí astaíochtaí le haghaidh tíortha larscríbhíne B agus sonraítear ann freisin trí Mheicníocht Sholúbtha Kyoto: JI, CDM, agus Trádáil Idirnáisiúnta Astaíochtaí.
<b>Aonaid Kyoto</b>	Aonad astaíochtaí atá cothrom le tona amháin CO <sub>2</sub> astaithe.
<b>Comhaontuithe Marrakesh</b>	Áirítear sna comhaontuithe seo modúlachtaí agus nósanna imeachta mionsonraithe a bhaineann le réimeas beartais an athraithe aeráide idirnáisiúnta agus clúdaíonn siad prionsabail shuntasacha an aistrithe teicneolaíoch, cuntasáíocht, agus cur i bhfeidhm Meicníochtaí Solúbtha s.rl.
<b>Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)</b>	Bunaíodh UNFCCC i 1992 ag an gCruinniú Mullaigh i Rio de Janeiro. Is é seo an creat foriomlán atá mar bhonn le hidirbheartaíochtaí idirnáisiúnta aeráide a threorú. Is é an príomhchuspóir atá leis ná "comhchruinnithe gáis cheaptha teasa san atmaisféar a chobhsú ag leibhéal a chuirfidh cosc ar thrasnaíocht chontúirteach antrapaigineach (saorga) sa chóras aeráide".



# RÁITIS AIRGEADAIS AN CHISTE CARBÓIN

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2012

25

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta .....	26
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste .....	27
Beartais Chuntasaíochta .....	28
Cuntas an Chiste .....	30
Ráiteas na nGlansócmhainní .....	31
Nótaí leis na Cuntais .....	32

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Éilíonn an tAcht um an gCiste Carbóin, 2007 ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) ráitis airgeadais a ullmhú i ndáil le hoibríochtaí an Chiste Carbóin le haghaidh gach bliain airgeadais.

In ullmhú na ráiteas sin, tugann an Gníomhaireacht faoi:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí amhail a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta ábhartha a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as gach cuntas cuí agus gnách a choinneáil ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a fhaomhadh le comhthoil an Aire Airgeadais, maidir lena feidhmíocht de na feidhmeanna tarmligthe nó bronnta uirthi faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Tabharfaidh an Gníomhaireacht a leithéid de chuntais agus a leithéid d'fhaisnéis i ndáil lena leithéid de chuntais don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil pé uair a iarrfar a leithéid uirthi, mar a d'fhéadfadh sé siúd a shonrú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina cúram a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh de lámh chun calaíoch agus neamhrialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**John C. Corrigan**  
Príomhfheidhmeannach  
27 Meitheamh 2013



# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID TITHE AN OIREACHTAIS

## An Ciste Carbóin

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste Carbóin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach iontu, na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas an Chiste, an Ráiteas Glansócmhainní agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a forordaítear faoi Alt 5 den Acht, agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn.

## Freagrachtaí um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht)

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad tuairisc fíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Chiste agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar mo chuid iniúchta le tagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí an Chiste, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nocht go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmú, agus

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Lena chois sin, léim an tuarascáil bhliantúil i ndáil leis an gCiste cun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais don Chiste a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréireacht dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

## Tuairim i leith na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leis in Éirinn, léargas cruinn agus chothrom ar staid ghnóthaí an Chiste ag 31 Nollaig 2012 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid don bhliain 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chúí coimeáda ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

## Nithe a dTuairiscím de réir Eisceachta Orthu

Tuairiscím de réir eisceachta sna cásanna seo a leanas

- mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim dom' iniúchadh faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara i gcaitheamh m'iniúchadh nach raibh airgead poiblí á úsáid chun na críocha beartaithe ina leith nó sa chás nár ghéill na hidirbhearta do na húdaráis á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis ar an gCiste comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara don Chiste, nó
- más rud é gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Nil aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscím de réir eisceachta orthu.

*Seamus McCarthy*

**Seamus McCarthy**  
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste  
28 Meitheamh 2013

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Bunaíodh an Ciste Carbóin faoin Acht um an gCiste Carbóin, 2007 i ndáil le gnóthú Aonad Kyoto<sup>1</sup> agus aon ionstraimí nó sócmhainní eile dá leithéid thar ceann an Stáit chun freastal ar oibleagáidí idirnáisiúnta an athraithe aeráide faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide 1992 agus Prótacal Kyoto na bliana 1997 leis an gCoinbhinsiún sin. Táthar tar éis Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a cheapadh mar an Gníomhaire Ceannaigh thar ceann an Stáit agus déanann sí ceannacháin na nAonad Kyoto a riar agus a bhainistiú.

Féadfaidh an GBCN úsáid a bhaint as na meicníochtaí seo a leanas chun Aonaid Kyoto a cheannach:

- ceannachán díreach Aonad Kyoto ó pháirtithe eile de Phrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach i dtionscadail um Chur Chun Feidhme Comhpháirteach agus um Meicníocht Ghlanfhorbraíochta
- infheistíocht i gcistí bainistithe
- ceannacháin margaidh díreach um Aonaid Kyoto

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta ar leith atá glactha de láimh i ndáil leis an gCiste Carbóin:

## Bunús Ullmhúcháin

Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an Acht um an gCiste Carbóin, 2007 i bhformáid faofa ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, le toiliú an Aire Airgeadais.

Tugann an ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar ghlansócmhainní an Chiste Carbóin.

## Tréimhse Tuairiscithe

Téann an tréimhse tuairiscithe ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2012. Sa tréimhse tuairiscithe inchoimparáide don bhliain 2011 clúdaítear ó 1 Eanáir 2011 go 31 Nollaig 2011.

## Airgeadra Tuairiscithe

Is í an euro, arna léiriú ag an siombail €, an t-airgeadra tuairiscithe.

## Sócmhainní an Chiste Carbóin

Léiríonn an Ciste Carbóin infheistíochtaí iontu seo a leanas:

### Sealúchais Dhíreacha

Déantar Aonaid Kyoto a gceannaítear a thairfeadh ag tráth seachadta ar chostas gnóthaithe. Áiríonn an costas gnóthaithe Cáin Bhreisluacha íoctha agus iníoctha i ndáil le ceannachán na nAonad Kyoto.

### Aonaid Kyoto Indíreacha

Déantar infheistíochtaí in aonaid indíreacha i gcistí bainistithe. Déantar infheistíochtaí sna cistí seo a thairfeadh ag costas infheistíochta. Baineann a leithéid d'infheistíochtaí le tionscadail laghdaithe carbóin a d'fhéadfadh, ach b'fhéidir nach ndéanadh, Aonaid Kyoto a tháirgeadh. Ní bheidh líon iomlán na n-aonad, más ann dóibh, ar an eolas go dtí tráth éigin amach anseo nuair a comhlíontar na tionscadail.

D'infheistigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil €20 milliún in 2006 i gCiste Iltaobhach um Chreidmheas Carbóin arna bhunú ag an mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Níl an infheistíocht sin mar chuid den chiste ach áirítear na haonaid táirgthe ag tionscadail glactha de láimh anseo de réir mar a mhínítear i Nóta 3(d).

<sup>1</sup> Sainmhínítear Aonad Kyoto san Acht um an gCiste Carbóin, 2007 mar "aonad atá coibhéiseach le tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin arna eisiúint de bhun Phrótacal Kyoto agus na gcinntí arna nglacadh de bhun an Choinbhinsiúin agus Phrótacal Kyoto". Is iondúil go dtagraítear d'Aonaid Kyoto mar chreidmheasanna carbóin. Ní cheadaíonn an reachtaíocht do dhiúscairt Aonad Kyoto ach faoi choinníollacha fíor-shainiúla .i. "le toiliú an Aire [Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil] agus an Aire Airgeadais agus ar cibé téarmaí a shonróidh siad".

## Gnóthachain agus Caillteanais ar Shócmhainní an Chiste Carbóin

Gnóthaítear na hAonaid Kyoto agus é ar intinn oibleagáidí na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto a chomhlíonadh, sa tréimhse tiomantais 2008 go 2012. Déanfar an cinneadh i leith cibé an dtabharfar suas aon cheann de na hAonaid ceannaithe nó iad ar fad, don tréimhse sin a chomhaontú i gcomhréir le taobh foirmiúil an phróisis chuntasaíochta um thréimhse tiomantais chun críocha Phrótacal Kyoto. Is féidir creidmheasanna nach n-úsáidtear a thabhairt ar aghaidh chuig tréimhsí níos déanaí.

Ní eascróidh aon ghnóthachain nó aon chaillteanais réadaithe mar thoradh ar thabhairt suas na sócmhainní seo.

## Cuntas an Chiste

Déanann Cuntas an Chiste taifeadadh ar an ioncam carntha faighte nó infhála ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Déantar infheistíochtaí leanúnacha a mhaoiniú go bunusach ón Lárchiste ar fheitheamh fáltas an ioncaim seo.

## Airgeadra Coigríche

Aistrítear na hidirbhearta uile in airgeadra coigríche go euro ag na rátaí malartaithe atá i réim ag dáta na n-idirbheart dá leithéid.

## Cánachas

Tá ioncam agus brabúis an Chiste Carbóin díolmhaithe ó cháin chorparáide na hÉireann. Tá ceannachán Aonad Kyoto ag an gCiste Carbóin faoi dhliteanas Cháin Bhreisluacha toisc go nglactar lena leithéid d'idirbhearta mar sholáthar seirbhíse, arna sainiú ag Alt 5(1) den Acht Cánach Breisluacha, 1972. Áirítear an CBL a tabhaítear i gcostas éadála na sócmhainní de chuid an Chiste Carbóin.

# CUNTAS AN CHISTE

30

	Nótaí	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2012 €	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2011 €
Ioncam	1	371,237	1,903,386
Méadú sa Chiste i rith na bliana		371,237	1,903,386
Glansócmhainní an Chiste ag tús na bliana		98,912,901	97,009,515
Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana		99,284,138	98,912,901

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.



**John C. Corrigan**  
Príomhfheidhmeannach  
27 Meitheamh 2013



# RÁITEAS NA NGLANSÓCMHAINNÍ

	Nótaí	31 Nollaig 2012 €	31 Nollaig 2011 €
Sócmhainní an Chiste Carbóin	3	99,284,138	98,912,901
Sócmhainní Reatha	5	371,237	1,903,386
Airgead Tirim sa Bhanc		-	-
Dliteanais Reatha	6	(371,237)	(1,903,386)
Glansócmhainní an Chiste ag 31 Nollaig		<u>99,284,138</u>	<u>98,912,901</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.



**John C. Corrigan**  
Príomhfheidhmeannach  
27 Meitheamh 2013



# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## 1. Ioncam

	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2012 €	Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2011 €
Ioncam ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	371,237	1,903,386

Cuimsíonn ioncam an maoiniú le cúiteamh leis an gCiste Carbóin ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun freastal ar chaiteachas tabhaithe i rith na bliana.

## 2. Costais Riaracháin

Gearrtar costais riaracháin uile an Chiste Carbóin ar Chuntas Riaracháin an GBCN agus íoctar iad ón Lárchiste.

## 3. Sócmhainní an Chiste Carbóin

(a)	Achoimre na Sócmhainní	<b>2012</b> €	<b>2011</b> €
	Sealúchais Dhíreacha	89,573,025	89,573,025
	Sealúchais Indíreacha (Nóta 3 (c))	9,711,113	9,339,876
		<u>99,284,138</u>	<u>98,912,901</u>
(b)	Anailís de réir Airgeadra Éadála	<b>2012</b> €	<b>2011</b> €
	Euro	93,673,025	93,673,025
	Dollar SA	5,611,113	5,239,876
		<u>99,284,138</u>	<u>98,912,901</u>
(c)	Sealúchais Indíreacha:	<b>2012</b> €	<b>2011</b> €
	An Banc Domhanda – Ciste Carbóin don Eoraip	4,100,000	4,100,000
	An Banc Domhanda – Ciste Bithcharbóin	5,611,113	5,239,876
		<u>9,711,113</u>	<u>9,339,876</u>

### 3. Sócmhainní an Chiste Carbóin (ar lean)

(d) Creidmheasanna Seachadta agus Coinnithe:

Tá líon na gcreidmheasanna carbóin seachadta agus coinnithe le Clárlann an Aontais um Thrádáil Astaíochtaí sa Choimisiún Eorpach ag 31 Nollaig 2012 cothrom le 7,606,360 – 5,255,000 ceannaithe go díreach agus 2,351,360 gnóthaithe trí mheán sealúchas indírigh, (2011: 5,255,000 – ceannaithe go díreach agus 1,837,940 gnóthaithe trí mheán sealúchas indírigh). Tá 2,141,429 (2011: 1,637,940) aonad as an 7,606,360 coinnithe ag 31 Nollaig 2012 (2011: 7,092,940) a bhaineann le sealúchais indíreacha na gcreidmheasanna gnóthaithe trí mheán infheistíochtaí déanta ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil roimh bhunú an Chiste Carbóin.

### 4. Tiomantais

#### Infheistíochtaí an Chiste Carbóin

Riarann GBCN íocaíochtaí thar ceann an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i ndáil le dá chiste an Bhainc Dhomhanda. Baineann infheistíochtaí sna cistí seo le tionscadail a d'fhéadfadh Aonaid Kyoto eascairt astu ach ní bheidh líon iomlán na n-aonad ar eolas go trí tráth éigin amach anseo nuair a comhlíontar na tionscadail.

Ag 31 Nollaig 2012, b'ionann na tiomantais neamhghlaoite i ndáil leis na hinfeistíochtaí seo agus:

Ciste an Bhainc Dhomhanda	Tiomantas Iomlán an Stáit		Íochta go dtí seo €	Tiomantas Neamh-chistithe €
	Airgeadra Áitiúil	Coibhéis Euro €		
Ciste Carbóin don Eoraip	€5.26m	5,263,000	4,100,000	1,163,000
Ciste Bithcharbóin	US\$10.08m	7,429,452	5,611,113	1,818,339
		<u>12,692,452</u>	<u>9,711,113</u>	<u>2,981,339</u>

Le linn 2012, bhí glao ar íocaíochtaí faoin gCiste Bithcharbóin ar luach €371,237. Ní raibh aon ghlaó ar chistí faoin gCiste Carbóin don Eoraip.

Ar aon dul lena cinneadh an clár um cheannachán carbóin a chur ar fionraí i mí Feabhra 2009, tá idirbheartaíocht déanta ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar laghdú sa thiomantas chuig dá chiste an Bhainc Dhomhanda; laghdú ó €10m go €5.26m i gcás an Chiste Carbóin don Eoraip agus laghdú ó \$12.88m go \$10.08m i gcás an Chiste Bithcharbóin.

### 5. Sócmhainní Reatha

	2012 €	2011 €
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	<u>371,237</u>	<u>1,903,386</u>

Tá an méid dlite leis an gCiste Carbóin ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil dlite faoi Alt 3 (4) den Acht um an gCiste Carbóin, 2007.

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS *(ar lean)*

## 6. Dlíteanais Reatha

	2012 €	2011 €
Lárchiste	371,237	1,903,386

Tá an dlíteanas don Lárchiste ann i ndáil le réamhíocaíochtaí déanta ag an Lárchiste leis an gCiste Carbóin, agus aisíocfar é leis an Lárchiste nuair a fhaigheann an Ciste Carbóin maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## 7. Páirtithe Gaolmhara

### (a) Aire Airgeadais

Faoi Alt 3 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead a réamhíoc leis an gCiste Carbóin ón Lárchiste, a chúitíonn an Ciste Carbóin ó airgead á chur ar fáil ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

### (b) Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Faoi Alt 2(3) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, bainistíonn agus rialaíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Ciste Carbóin.

### (c) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi Alt 2(4) den Acht um an gCiste Carbóin 2007, tarmligeann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil bainistíocht an Chiste Carbóin ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Faoi Alt 8 den Acht um an gCiste Carbóin 2007, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoracha nó treoirlínte a thabhairt do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta maidir lena cuid feidhmíochta de na feidhmeanna tarmligthe nó bronnta uirthi faoin Acht.



# NOTAÍ



# NOTAÍ







Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Áras an Chisteáin  
Sráid na Canála Móire  
Baile Átha Cliath 2  
Éire

**TEIL** +353 1 238 4000

**FACS** +353 1 676 6661

**IDIRLÍON** [www.ntma.ie](http://www.ntma.ie)

**R-POST** [info@ntma.ie](mailto:info@ntma.ie)

Tá an tuarascáil seo a phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte.